A theachtaire thig ón bhFraingc
[RIA 490 (23/N/15), 151]
O Dála Fionn cecinit
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 A theachtaire thig ón bFraingc
dámhna cúmha do chédchaint
[rug?] for-íor go héag mheisi
más bréag más fíor innei-si
2 An teachtaireacht tugais leat
bás Táidhg [is] truagh an t-iomlat
do sgéal do chráidh mo chroidhe
féagh mur taim a theachtoire.
3 Mairg (?) duit do dhearbh go fóill[s]
bás rígh Caisil cúis dobróin(n)
bua[i]ne ná gach brón oile
l(e)or a thruaighe a theachtoire.
4 Triath Léamhna na learg n-ua[i]ne
mór an t-a[dh]bhar anbhuaine
ár ccaor bhuadha ár ccnú chroidhe
do chualla(dh) tú a theachtoire.
5 Ní bás aonduine a éag-sin
áighre [leg. o-] rígh [fh]réimhe Cáirthigh
rug (?) mo shéan uaim-se uile
do sgéal truagh-sa a theachtuire.
6 Ní mhairion[n] d’fhuil Ghaoidhill Ghluis
má tá Tádhg ionar n-éaghmuis
neach feasda air a bhfuil mh’aire
thoir o theasda a theachtaire.
7 Fá chend áirdrígh Locha Léin
iomdha leam duine a ndíthchéil
do-chuaidh mo[dh] chiall uaim uile
truagh do thriall a theachtuire.
8 San bhFraingc ionna raibhe sin
cuid do shéin mheic Mheig Cáirthigh
nách lia cás a n-á[i]rd oile
fá bhás Tha[i]dhg a theachtoire.
9 (Do) rugis fá sgaoilledh do sgéil
fá thriath Baoi na mbend róighéir
déara mo rosg uaim uile
truagh do thoisg a theachtuire.
10 Ní dhingean ní dheárna riam
damhna(dh) rígh Múmhan Maicniad
caoi ’na dhiaidh achd caoi chroídhe
gan chráigh [leg. chiaigh?] gé taoi a theachtoire.
11 Cóir atuirse um Art ó Chaoimh
caoi fá dh[ui]ne cé diomhaoin
muna mbeag [leg. mbeath?] an t-éag oile
nách [leg. neach?] don tréd a theachtoire.[x]
12 Cuirim an t-anam-so air iocht

Míchil as fearr oighreisi [leg. a oighriocht]
mé beir [leg. beir mé] tar crua(gh)as mo chroídhe
don teagh [leg. Té?] thuas a theachtaire.